320

# An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
# Department of Education and Science

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

# Gairmchlár Na hArdteistiméireachta

## Nasc - Mhodúil

## Scrúdú 2001

### DÉ CÉADAOIN, 9Ú BEALTAINE, 2001 10.00 R.N. – 12.30 I.N.

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

| Scrúduimhir |
| --- |
| |

**Scríobh d'uimhir scrúdaithe sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa bhFreagarleabhar seo.

Tá **trí** Roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.
Ní mór na ceisteanna go léir a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.
Ní mór na ceisteanna go léir a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginerálta**

Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh trí nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Taispeánfar sraith as fístéip eagríocht carthanachta duit.
- Feicfidh tú an tsraith trí huaire.
- Beidh an tsraith iomlán san áireamh sa chéad taispeántas.
- Ansin taispeánfar í i dtrí chuid. Tar éis gach cuid a thaispeáint tabharfar am duit chun na freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar.
- Feicfidh tú an tsraith fístéipe iomlán arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.

**Freagair gach ceist.**

**Cuid 1**

**C1.** Cén fáth ar bunaíodh Trócaire?

**1 mharc**

**C2.** Déan cur síos ar **dhá** ghné thábhachtacha d'obair Thrócaire.

**4 mharc**

**C3.** Ainmingh **dhá** chinéal tionscnamh a thugann Trócaire tacaíocht dóibh.

**2 mharc**

**Cuid 2**

**C4.** Cén fath, meas tú, a dtugann Trócaire oiliúint d'eagríochtaí áitiúla?

**3 mharc**

**C5.** Déan cur síos ar conas mar a leathnaigh Trócaire fócas a ngníomhaiochtaí tiomsaithe airgid.

**4 mharc**

**C6.** Iminigh **dhá** bhúntaiste do Thrócaire a bhaineann le tabhairt isteach an 'Cearta Bronntoirí'.

**4 mharc**

**Cuid 3**

**C7.** An é do mheas go bhfuil éifeacht agus freagracht shóisialta ag baint leis an eagraíocht Trócaire? Tabhair **trí** fháth mar thaca le do fhreagra.

**6 mharc**

**C8.** Minigh go cruinn na fáthanna a mheasfaí go bhfuil an stiúrthóir éifeachtach.

**6 mharc**

# Córais Futura Teo.

Sé bliana ó shin bhunaigh Úna agus Frainc a ngnó beag féin, Córais Futura Teo. Bhí an bheirt acu ag obair i dtionscal na ríomhaireachta ar feadh 10 mbliana sular bhunaigh siad an gnó. Bhí Frainc tar éis bheith ag obair i gceantar na Margaíochta/Caidrimh Poiblí agus bhí Úna ag obair mar ríomhchláraitheoir. Bhí siad beirt ag obair le cuideachtaí a bhí ag leathnú go tapa. Mar thoradh ar leathnú thionscal na ríomhaireachta, bhí ról gach duine acu ag athrú ina chuideachta féin. Bhí siad beirt míshásta leis na hathruithe seo agus dá bhrí sin bheartaigh siad a ngnó féin a chur ar bun le chéile.

I rith tréimhse na 10 mbliana sin agus iad ag obair le cuideachtaí eile bhí an-eolas ag Úna agus Frainc faoi na hathruithe a bhí ag tarlú i dtionscal na ríomhaireachta. I rith an ama seo freisin rinne siad teagmháil le morán daoine sa tionscal ina limistéir shaineolacha féin. Thug siad fás an tionscail faoi deara agus riachtanais eagsúla a bhí ag athrú ag na daoine a bhí ag déanamh gnó sna rannóga difriúla. Mhothaigh siad, go hairithe, an gá a bhí le forbairt Theicneolaíocht Eolais ag trádálaithe aonair, gnólachtaí de gach sórt agus eagraíochtaí eile. Shocraigh Úna agus Frainc go ndéanfaidís freastal ar riachtanais theicneolaíochta na gcustaiméirí seo len a ngnó a thosú a sholáthródh córais ríomhaireachta agus pacáistí bogearraí úsáideacha. Spreag na spriocanna seo iad chun Córais Futura Teo. a bhunú.

Tá Córais Futura Teo. ag feidhmiú as Páirc Gnó i bhfobhailte na cathrach. Tá 25 duine fostaithe ag an gcuideachta agus is céimí ollscoile gach ball den fhoireann. Tá an fhoireann eagraithe i nGrúpaí Tionscnaimh a bhfuil cúigear oibrí iontu. I ngach grúpa tá saineolaí teicniúil, bogearraí, margaíochta agus airgeadais. Stiúraionn gach grúpa a eagraíocht féin go hiomlán ó thaobh ordaithe. Meastar gurb é sásamh an chustaiméara an rud is tábhachtaí.

Le cúpla mí anuas tá fadhbanna ag an gcuideachta spriocanna ama a bhaint amach maidir le méid áirithe tionscnaimh. Baineann na fadhbanna seo go speisialta le dhá cheann de na Grúpaí Tionscnaimh. Ag éirí as seo tá frustrachas ar chuid den lucht oibre agus den bhainistíocht.

Tá gearáin leis an mbainistíocht déanta ag roinnt oibrithe, toisc go bhfuil frustrachas orthu de bharr nach bhfuil ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh go sásúil. Tá Frainc buartha go hairithe mar ceapann sé go gcuirfidh na cúrsaí seo isteach ar sheirbhís na gcustaiméirí agus go mbeidh impleachtaí idir gearrthéarmach agus fadthéarmach do chúrsaí gnó ann.

Tá Córais Futura Teo. ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag síor-athrú mar ar gá é a choimeád suas chun dáta le forbairt i réimsí crua-earraí agus bogearraí chomh maith. I láthair na huaire tá an bharrbhainistíocht ag ullmhú plean fadthéarmach don ghnó. Tá sé fíorthábhachtach go leanfadh an gnó ar aghaidh.

Is eol d'Úna agus Frainc go bhfuil eacnamaíocht na tíre ag borradh faoi láthair agus go gcaithfear taighde agus forbairt leanúnach a dhéanamh le go bhfanfaidh an gnó san iomaíocht. Tá taighde déanta ag Úna ar áisíneachtaí stáit a bheidh ábalta cúnamh a thabhairt dóibh sa todhchaí agus aithníonn sí an sórt cúnaimh ar féidir leo a thairiscint don ghnó. Tá Úna agus Frainc, mar bhaill den bharrbhainistíocht, ag déanamh aithbhreithniú ar fhorbairt an ghnó agus an bóthar atá rompu sa todhchaí.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**Freagair gach Ceist**

**C1.** Déan mion chur síos ar **thrí** bhuntáiste an áit oibre a eagrú i nGrúpaí Tionscnaimh?

**6 mharc**

**C2.** Sainaithin **trí** fhadhb ar docha go mbeadh ar Úna agus Frainc aghaidh a thabhairt orthu sa ghearrthéarma agus/nó san fhadthéarma. Mol slí ar féidir déileáil le gach fadhb díobh.

**12 mharc**

**C3.** Sainaithin agus mínigh **trí** bhuncheist ar chóir d'Úna agus Frainc a machnamh a dhéanamh orthu agus iad ag ullmhú a bplean fadthéarmach.

**12 mharc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginerálta | 100 marc |
|---|---|---|

Tá sé cheist ann. Freagair aon **cheithre** cinn ar bith díobh. Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**C1.** Tá sé i gceist ag do rang mionfhiontar a bhunú le T-Léinte priontáilte a dhíol.

**(a)** Déar an ceistiúchán a d'úsáidfea le taighde margaidh a dhéanamh don tionscnamh ranga seo. Ba chóir go mbeadh **cúig** cheist ar leith sa cheistiúchán.

**12 mharc**

**(b)** Cén fáth a bhfuil sé tabhachtach Taighde Margaidh a dhéanamh?

**3 mharc**

**(c)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach pleanáil a dhéanamh do do mhionfhiontar?

**2 mharc**

**(d)** Déan cur síos ar **cheithre** bhuntáiste a bhronnfaidh do rannpháirtíocht sa mhionfhiontar tionscnamh ranga ar aon fhostóir nua a bheidh agat amach anseo.

**8 mharc**

**C2. (a)** Iarradh ort réamhfhiosrú ghairmbheatha a dheanamh ar do rogha sórt oibre. Caithfidh tú an fhaisnéis a bheidh bailithe agat a chur síos ar phóstaer aon-leathanaigh. Leag amach do fhaisnéis thíos ag déanamh tagairt ar **cúig** mhír eolais ar a laghad.

**Teideal do ghairmbheatha:** ______________________________

**10 marc**

**(b)** Déan cur síos ar **thrí** athrú atá tarlaithe i gcursaí fostaíochta in Éirinn le déanaí.

**6 mharc**

**(c)** Liostaigh **trí** shaintréith a bheadh á lorg ag fostóirí in ábhair oibritheoirí. Minigh cén fáth a gceapann tú go measfadh fostóirí go bhfuil na saintréithe sin tábhachtach.

**9 marc**

**C3. (a)** Caithfidh tú litir bhuíochais a chur go dtí do fhostóir tar éis duit filleadh ó thaithí oibre. Ba chóir go mbeadh tagairt i do litir don mhaitheas a rinne an taithí oibre duit agus conas a chabhróidh an taithí leat sa todhchaí.

**10 marc**

**(b)** Liostaigh **ceithre** ghníomhaíocht ar cóir d'Fhiontraí a bheith gafa leo.

**4 marc**

**(c)** Cad iad na scileanna pearsanta ar cóir d'Fhiontraí a bheith aige chun na gníomhaíochtaí luaite i gcuid (b) thuas a dhéanamh?

**4 marc**

**(d)** Tóg mar shampla fiontar/eagraíocht a bhfuil taithí agat air. Ainmnigh an fiontar seo agus léirigh **trí** chúis a bhfuil sé suite san áit ina bhfuil sé.

**Ainm:**

**7 marc**

**C4.** Tá sé eagraithe ag do rang go dtiocfadh beirt chainteoirí cuairte chun léiriú a dhéanamh don rang.

**(a)** Liostaigh na heagraíochtaí a mbeadh baint ag gach cainteoir leo. Luaigh an post san eagraíocht a bheadh ag gach duine díobh.

| |
|---|
| **Eagraíocht:** |
| **Post:** |
| |
| **Eagraíocht:** |
| **Post:** |
| **4 mharc** |

**(b)** Léirigh **dhá** chúis ar iarradh ar na cainteoirí cuairt a thabhairt ar an rang.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 mharc** |

**(c)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach na cuairteanna a mheas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **4 mharc** |

**(d)** Luaigh conas a dheanfá meastóireacht ar chuairt na gcainteoirí ar an rang. Déan mion chur síos ar **thrí** chúis ar thogh tú an modh seo meastóireachta.

**13 mharc**

**C5.** Tóg mar shampla fiontar áitiúil a bhfuil eolas agat air.

**(a)** Déan cur síos ar an táirge/seirbhís atá curtha ar fáil ag an bhfiontar seo.

**2 mharc**

**(b)** Is saintréith é a bhaineann le daoine fiontracha bheith in ann, "déiléail le neamhchinnteacht". Smaoinigh ar an bhfiontar a bhfuil cur síos air in (a) thuas. Léirigh **trí** neamhchinnteacht a mbeadh ar na daoine atá ag reáchtáil an fhiontair seo aghaidh a thabhairt orthu.

**6 mharc**

**(c)** I gcás gach neamhchinnteacht a bhfuil cur síos air i gcuid (b) thuas, cuir síos go mion conas is féidir pleanáil a dhéanamh dó.

**9 marc**

**(d)** Iarradh ort na seirbhísí atá ar fáil i do cheantar do dhaoine aonair agus do ghnó a scrúdú. Ní mór duit tuarascáil a scríobh.

(i) Liostaigh **sé** cheannteideal/roinn ar leith a bheadh le feiceáil sa tuarascáil.

(ii) Cé a gheobhadh buntáiste ón tuarascáil seo? Mínigh cén fáth a mbeadh buntáiste acu?

**8 marc**

**C6** **(a)** Iarradh ar do rang Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP) ciste a bhunú do do rogha eagríocht carthanachta. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le daoine aonair nó mar thionscnamh ranga.

(i) Cád iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscnamh a dhéanamh mar rang seachas é a dhéanamh le daoine aonair?

(ii) Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscnamh a dhéanamh le daoine aonair seachas mar rang?

**8 marc**

**(b)** Leag amach Corp an Phlean a dhréachtfaí don tionscnamh ranga seo faoi **thrí** cheannteideal ar leith.

**10 marc**

**(c)** Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le taithí oibre mar chuid de Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP).

**3 mharc**

**(d)** Smaoinigh ar an obair socrúcháin/coimhéad atá críochnaithe agat. Déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhfuil an fostóir freagrach os comhair an dlí maidir lena chuid/cuid oibrithe.

**4 mharc**

Féadfar na leathnaigh bhreise seo a úsáid de réir mar is gá.

# D'úsáid an Scrúdaitheora Amháin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Roinn B** | |
| **Roinn C** | |
| **C1** | |
| **C2** | |
| **C3** | |
| **C4** | |
| **C5** | |
| **C6** | |
| **Iomlán** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathnaigh.<br>Total of end of page totals. | |
| 2. Mór-iomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh.<br>Aggregate total of all disallowed Question(s) | |
| 3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)<br>Total mark awarded (1 minus 2) | |
| 4. Breismharc do fhreagairt trí mhéan na Gaeilge (má tá i gceist).<br>Bonus mark for answering through Irish (if applicable). | |
| 5. Marc iomlán má bronnadh breismarc do fhreagairt trí ghaeilge (3 + 4).<br>Total mark awarded if Irish Bonus (3 + 4). | |
| **Nóta:** Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má bronnadh breismharc do fhreagairt trí mheán na Gaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa **bhosca Mór Iomlán** ar an script.<br>**Note:** The mark in row 3 (or row 5 if an Irish Bonus is awarded) must equal the mark in the **TOTAL box** on the script. | |